Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhair thuarastail agus speansais Roinn an Taoisigh, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Roinn agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €6.522 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is é an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, atá ina chuid den Roinn Dlí agus Cirt, a phróiseálann idirbhearta airgeadais ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte sin a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta rioscaí taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é an aidhm atá leis an bplean sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Tá mionsonraí tugtha ag an Roinn ar sheacht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás ceithre chonradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €394,687 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Soláthraíodh aon chonradh amháin dar luach €211,737 chun éascú a dhéanamh ar na Tionóil Saoránach agus nótaí a thógáil dóibh trí iarraidh ar thairiscintí ar eTenders agus sháraigh an conradh sin an tairseach soláthair sin. Is mar gheall ar níos mó cruinnithe a bhí an caiteachas níos mó ná €140,000, an tairseach soláthair lasmuigh d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- Soláthraíodh aon chonradh amháin dar luach €93,570 le haghaidh seirbhísí tacaíochta bainistithe TF do na Coimisiúin Imscrúdúcháin trí iarraidh ar thairiscintí ar eTenders agus sháraigh an conradh sin an tairseach soláthair sin. Is mar gheall ar shíneadh ama a cuireadh le spriocdhátaí tuairiscithe bunaidh na gCoimisiún a tharla an soláthar seo a bhí os cionn na tairsí soláthair.
- Ba ar bhonn luachana a soláthraíodh aon chonradh amháin dar luach €61,950 le haghaidh tacaíocht theicniúil, paisteála, freastalaithe a uasghrádú agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid optamach na gcóras sin. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le leanúnachas seirbhísí do chruinnithe Rialtais le linn phaindéim Covid-19, ní raibh sé cuí cur isteach ar na cruinnithe tríd an soláthróir a athrú nuair a sáraíodh an tairseach luachana. Tá an Roinn i mbun scrúduithe faoi láthair ar na riachtanais theicniúla sa réimse seo sula dtabharfaidh sí faoi chleachtadh nua soláthair.
- Ba ar bhonn luachana a soláthraíodh aon chonradh amháin le haghaidh seirbhísí lónadóireachta don Lá Náisiúnta Cuimhneacháin 2022. Ó tharla go raibh an caiteachas deiridh (€27,430) os cionn €25,000, ba cheart an soláthar a dhéanamh trí iarraidh ar thairiscintí. Bainfear úsáid as an bpróiseas iarrata ar thairiscintí amach anseo sa chás go mbeidh luachanna conarthaí gar don tairseach.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhairle le lucht ardbhainistíochta na Roinne. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta d’aonaid ghnó shonracha.

Mír bhuan ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne is ea bainistíocht riosca freisin.

Tá an próiseas bliantúil um Measúnú Náisiúnta Riosca, atá faoi mhaoirsiú Roinn an Taoisigh, ar bun freisin agus tugtar deis lena linn sainaithint agus plé a dhéanamh ar rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn d’Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Leagtar amach sa Mheasúnú Náisiúnta Riosca na rioscaí is suntasaí geopholaitiúla, geilleagracha, sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta atá i ndán don tír. Cuireadh deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí ar an Measúnú Náisiúnta Riosca 2023 i mí Feabhra, agus tá obair ar bun anois chun na freagraí comhairliúcháin a mheas sula dtabharfar an próiseas chun críche sna seachtainí atá romhainn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht ardbhainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2022 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

1 Meán Fómhair 2023

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 38,934 | 32,367 | 38,719 |
| **Ollchaiteachas** | | **38,934** | **32,367** | **38,719** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **909** | **864** | **699** |
| **Glanchaiteachas** | | **38,025** | **31,503** | **38,020** |

**Barrachas**

Dlífear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **6,521,782** | **12,156,604** |

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

1 Meán Fómhair 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 9,507 | 18,177 |
| Pá | | 17,340 | 17,218 |
| Neamhphá | | 5,520 | 3,324 |
| **Ollchaiteachas** | | **32,367** | **38,719** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **864** | **699** |
| **Glanchaiteachas** | | **31,503** | **38,020** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (40) | | |
| Dímheas | 271 | 231 | 273 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (942) | | |
| Méadú ar fhardail | 83 | (859) | (1,372) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **30,875** | **36,921** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,578 | 5,184 |
| Measchíosanna | | 1,517 | 1,517 |
| **Glanchostas an chláir** | | **37,970** | **43,622** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10 | 20 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,096 | 3,767 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 561 | 572 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 25 | 25 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 236 | 168 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart | 59 | 58 |
| Vóta 36 | Cosaint | 86 | 88 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 43 | 36 |
| An Príomh-Chiste - Pinsin an Taoisigh agus na n-airí | | 462 | 450 |
| | | **5,578** | **5,184** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 535 | 766 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,014 | 262 |
| Fardail | 2.3 | — | 83 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 741 | 440 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | — | 401 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 40 | 96 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,795** | **1,282** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 652 | 1,293 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 705 | 759 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 349 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,706** | **2,052** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 89 | (770) |
| **Glansócmhainní** | | **624** | **(4)** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **624** | **(4)** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní [a]** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 662 | 1,886 | — | 2,548 |
| Breiseanna | — | 40 | — | 40 |
| Diúscairtí | — | (5) | — | (5) |
| Coigeartuithe [b] | (23) | (465) | — | (488) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | **639** | **1,456** | **—** | **2,095** |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 571 | 1,211 | — | 1,782 |
| Dímheas don bhliain | 17 | 254 | — | 271 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (5) | — | (5) |
| Dímheas ar choigeartuithe | (23) | (465) | — | (488) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 565 | 995 | — | 1,590 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **74** | **461** | **—** | **535** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 91 | 675 | — | 766 |

Nótaí
[a] Áirítear sa chostas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas ar chostas faoi bhun €10,000 roimh an 1 Eanáir 2020.
[b] Diúscairtí a tharla i mblianta roimhe agus a tugadh cuntas iontu sa bhliain 2022.

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,012 | 262 |
| Iarmhéid cuntais bainc eile | 2 | — |
| | **1,014** | **262** |

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bronntanais oifigiúla | — | 20 |
| Stáiseanóireacht | — | 51 |
| Foilseacháin | — | 1 |
| Ábhar inchaite | — | 11 |
| | **—** | **83** |

Nóta [a] Ón mbliain 2022 i leith, déantar míreanna ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar mhíreanna stoic iad a thuilleadh.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí TFC | 611 | 393 |
| Réamhíocaíochtaí cláir | 8 | 27 |
| Réamhíocaíochtaí eile riaracháin | 122 | 20 |
| | **741** | **440** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachais in-fhorchúitithe ar an bpas taistil | 32 | 35 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 8 | 61 |
| | **40** | **96** |

## 2.6 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe cumarsáide poiblí maidir le Covid-19 | — | 976 |
| Fabhruithe eile cláir | 334 | 163 |
| Fabhruithe riaracháin | 318 | 154 |
| | **652** | **1,293** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 333 | 344 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 155 | 141 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 24 | 33 |
| Cáin bhreisluacha | 35 | 20 |
| | 547 | 538 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 157 | 164 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1 | 57 |
| | **705** | **759** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 6,522 | 12,157 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (6,173) | (12,558) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **349** | **(401)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,014 | 262 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 40 | 96 |
| | 1,054 | 358 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (547) | (538) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (158) | (221) |
| | (705) | (759) |
| | **349** | **(401)** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | (4) | (1,103) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 38,025 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (6,522) | | |
| Glanvóta | | | 31,503 | 38,020 |
| Caiteachas (airgid thirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 5,578 | 5,184 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,517 | 1,517 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (37,970) | (43,622) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **624** | **(4)** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **49** | **163** |

## 2.11 Dliteanais Theagmhasacha

Luadh dhá chás Ard-Chúirte a bhaineann le hiarrataí ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol mar dhliteanais theagmhasacha i gcuntas leithreasa na bliana 2021. Tugadh cás amháin chun críche i mí Iúil 2023 agus ní raibh aon chostais dlite. Tá an cás eile fós ar siúl agus d'fhéadfadh costais a bheith mar thoradh air.

Rinneadh an cás Ard-Chúirte, a bhaineann le forálacha bunreachta lena rialaítear cruinnithe an tSeanaid, a luadh mar dhliteanas teagmhasach i gcuntas leithreasa na bliana 2021, a thabhairt chun críche i mí na Nollag 2021, agus d’aisíoc an Roinn na costais leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát sa bhliain 2022.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Cuireadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | Soláthar meastacháin | 2022 Toradh | 2021 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 18,429 | 17,340 | 17,218 |
| ii | Taisteal agus cothú | 730 | 605 | 184 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,802 | 2,875 | 1,389 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 306 | 217 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,257 | 1,413 | 1,123 |
| vi | Costais áitribh oifige | 400 | 321 | 411 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 18 | — | — |
| | | **23,996** | **22,860** | **20,542** |

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 18,429 | 17,340 | 17,218 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 5,567 | 5,520 | 3,324 |
| A.3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 2,288 | 2,129 | 1,973 |
| A.4 | Binsí Fiosrúcháin | 3,910 | 898 | 793 |
| A.5 | Coimisiúin Imscrúdúcháin | 4,238 | 3,075 | 2.690 |
| A.6 | Tionól Saoránach | 502 | 1,337 | 594 |
| A.7 | Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19 | 4,000 | 2,068 | 12,127 |
| | | **38,934** | **32,367** | **38,719** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach**

*Soláthar meastacháin €2.288 milliún; toradh €2.129 milliún*

Mar thoradh ar thrí phost foirne ó mhí na Bealtaine/mí an Mheithimh 2022 a bheith gan líonadh, bhí easnamh €159,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

**A.4 Binsí Fiosrúcháin**

*Soláthar meastacháin €3.91 milliún; toradh €898,000*

Ba mar thoradh ar an líon éileamh costas dlí a socraíodh sa bhliain 2022 a bheith níos lú ná mar a measadh a bhí easnamh €3.012 milliún i gcaiteachas ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Níl aon smacht ag an Roinn ar na costais dlí tríú páirtí a dhámhann Binsí Fiosrúcháin agus tá sé dodhéanta an t-uainiú a thuar i dtaca le socrú na gcostas tríú páirtí a bheidh dlite ag am áirithe ar bith.

**A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.238 milliún; toradh €3.075 milliún*

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais agus ceanglais a n-imscrúduithe ar an gcéad dul síos. Tharla an tearc-chaitheamh €1.63 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar an deacracht a bhí ag na Coimisiúin leibhéal agus uainiú a riachtanas caiteachais féin a thuar go cruinn, lena n-áirítear caiteachas a d'eascair as cinntí le costais tríú páirtí a dhámhachtain.

**A.6 Tionól Saoránach**

*Soláthar meastacháin €502,000; toradh €1.337 millún*

Mar gheall ar uainiú bhunú na dTionól Saoránach, níor léiríodh a gcostais bhliana iomláine sa soláthar meastacháin €502,000. Deonaíodh cead aistrithe chun an róchaiteachas seo de €835,000 a fhritháireamh trí choigilteas in áiteanna eile.

**A.7 Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19**

*Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €2.068 milliún*

Bhí easnamh €1.932 milliún i gcaiteachas ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh ar Sheirbhís Eolais an Rialtais feachtais eolais phoiblí ar scála mór a reáchtáil faoi mar a bhí cúrsaí eipidéimeolaíochta/cúrsaí sláinte poiblí Covid-19 d’fhormhór na bliana 2022.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | 50 | 174 | 31 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 859 | 690 | 668 |
| | **Iomlán** | **909** | **864** | **699** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €45,000 níos lú ná an meastachán.

**1 Leithreasaí–i–gcabhair**

*Measta €50,000; réadaithe €174,000*

Tháinig méadú €124,000 ar fháltais i gcomórtas leis an meastachán mar gheall ar choigeartú chun iarmhéid stairiúil €57,000 ar fionraí a chur san áireamh i leithreasaí-i-gcabhair, ar €67,000 chun costais taistil ó ranna eile a fhorchúiteamh agus ar aisíocaíocht ó sholáthraí i ndáil le himeacht a cuireadh ar ceal.

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €859,000; réadaithe €690,000*

Tháinig laghdú €169,000 ar fháltais i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar an moill ar fholúntais a líonadh, mar a bhí beartaithe.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 99 | 55 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal sealbhóirí oifige | 96 | 99 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (99) | (55) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **96** | **99** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Roinn | 236 | 236 |
| Gníomhaireacht - An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 14 | 16 |
| | **250** | **252** |

### 5.2 Pá - Roinn

| | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 16,262 | 16,041 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | — | 166 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 432 | 395 |
| Ragobair | 381 | 308 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,338 | 1,294 |
| **Pá iomlán [a]** | **18,413** | **18,204** |

Nóta [a] Áirítear pá i ndáil le foireann an Bhinse, na gCoimisiún Imscrúdúcháin agus an Tionóil Saoránach ar fhigiúr iomlán pá na Roinne.

### 5.3 Pá - Gníomhaireacht

| | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 1,356 | 1,327 |
| ÁSPC an fhostóra | 133 | 123 |
| **Pá iomlán** | **1,489** | **1,450** |

Nóta Tá an fhaisnéis bunaithe ar thuairisceáin a rinne an Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 44 | 16 | 35,302 | 51,657 |
| Ragobair | 86 | 11 | 28,504 | 21,528 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 11 | 32,980 | 36,229 |

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €29,829 (2021: €29,829) i dtaca le sochair scoir chomhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

Rinneadh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €1,760.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €116,915 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 9 | 21,805 | 10,472 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 14,971 | 6,774 |

Áirítear orthu sin ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €14,971 le ceathrar, a tháinig as uainiú an athraithe Rialtais i mí na Nollag 2022.

Rinneadh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí amháin dar luach €334 i ndáil le duine amháin a aistriú chuig Roinn eile le linn na bliana.

## 5.7 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 150 | 153 |
| 60,000 | 69,999 | 16 | 13 |
| 70,000 | 79,999 | 6 | 8 |
| 80,000 | 89,999 | 17 | 19 |
| 90,000 | 99,999 | 19 | 15 |
| 100,000 | 109,999 | 5 | 11 |
| 110,000 | 119,999 | 17 | 5 |
| 120,000 | 129,999 | 3 | — |
| 130,000 | 139,999 | — | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 1 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | — | 8 |
| 160,000 | 169,999 | 9 | — |
| 170,000 | 179,999 | — | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Bunphá** | | |
| Martin Fraser (go dtí an 2 Bealtaine 2022) | 74 | 211 |
| John Callinan (ón 3 Bealtaine 2022) | 151 | — |
| | **225** | **211** |

Athraíodh an tOifigeach Cuntasaíochta tar éis don Rialtas Ard-Rúnaí nua a cheapadh chun áit an Ard-Rúnaí roimhe a ghlacadh.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin nó fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra shocraithe | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2022 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | |
| Binse Fiosrúcháin [a] | 1997 | 67,337 | 898 | 793 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) [b] | 2015 | 13,012 | 1,976 | 1,801 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) [c] | 2017 | 5,009 | 1,099 | 889 |
| | | | **3,973** | **3,483** |

Nótaí

[a] Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an am seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) le díol phunann Thionscadal *Eagle* ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

### 6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas an tsuim €18,322 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena dtabhairt ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit nó thar a gceann in 2022 (2021: €20,457).

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | **Iomlán 2022** | **Iomlán 2021** |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna [a] | 4 | 4 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — |
| Cúiteamh | — | — |
| Costais dlí | 1,090 | — |
| Costais eile | — | — |
| **Iomlán 2022** | **1,090** | **—** |

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2022**

| | **Iomlán** |
|---|---|
| An líon cásanna [a] | 4 |
| | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — |
| Cúiteamh | — |
| Costais dlí | 1,090 |
| Costais eile | — |
| **Iomlán** | **1,090** |

Nóta [a] Ceithre chás a thionscain daoine den phobal i ndáil le Coimisiún Imscrúdúcháin Cregan, le Binse Fiosrúcháin Moriarty agus i gcás a luadh mar dhliteanas teagmhasach.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce Roinn an Taoisigh

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2023, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht | An tréimhse chuntasa íochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta a fuair an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 2021 | 29 M.F. 2022 | 26 D.F. 2022 | 20 Ean 2023 |